C/2024/4425

10.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11544 — PFEIFER & LANGEN IHKG GROUP / LATRAPS / ASNS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4425)

1. An 2 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Pfeifer & Langen GmbH & Co. KG ('Pfeifer & Langen', an Ghearmáin)

— ASNS Ingredient SIA ('ASNS', an Laitvia)

— Lauksaimniecības pakalpojumu kooperatīvā sabiedrība ('LATRAPS', an Laitvia), faoi rialú ASNS faoi láthair.

Gheobhaidh Pfeifer & Langen agus ASNS rialú comhpháirteach ar LATRAPS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Pfeifer & Langen siúcra, deochanna, earraí bia agus feoil agus táirgí ionadacha éisc a mhonarú agus a sholáthar go príomha,

— Is comharchumann seirbhíse talmhaíochta Laitviach é LATRAPS, atá faoi úinéireacht iomlán 1 195 ball, agus tugann sé cúnamh dá chomhaltaí maidir le barra a fhás, a fhorbairt agus a dhíol

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais ASNS: Déanann ASNS maoirseacht ar ghléasra aonráite próitéine pise a fhorbairt in Jelgavas na Laitvia, gléasra a mheastar a bheidh ag feidhmiú in 2027.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11544 — PFEIFER & LANGEN IHKG GROUP / LATRAPS / ASNS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË